Fógra Príobháideachais

Oifig an Choimisinéara Gaeilge

1. Réamhrá

Tá Oifig an Choimisinéara Gaeilge tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a chinntiú go láimhseáiltear d'fhaisnéis phearsanta go dleathach, go cothrom agus go trédhearcach.

Míníonn an fógra príobháideachais seo an dóigh a mbailíonn muid, a n-úsáideann muid, a stórálann muid agus a gcosnaíonn muid faisnéis phearsanta nuair a dhéanann tú idirghníomhú linn, nuair a úsáideann tú ár seirbhísí, nuair a ghlacann tú páirt i gcomhairliúcháin, nuair a chuireann tú gearáin isteach, nuair a dhéanann tú fiosrúcháin nó nuair a thugann tú cuairt ar ár suíomh gréasáin.

2. Cé Muid Féin

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Gaeilge faoin Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022.

Is é príomhchuspóir an Choimisinéara Gaeilge úsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí a chothú agus a chosaint agus iad ag soláthar seirbhísí don phobal, nó do sciar den phobal, i dTuaisceart Éireann.

Chun críocha na reachtaíochta um chosaint sonraí, is í Oifig an Choimisinéara Gaeilge an rialaitheoir sonraí maidir leis an fhaisnéis phearsanta a phróiseálann sí.

Sonraí Teagmhála

Oifig an Choimisinéara Gaeilge,
Teach an Chomhionannais
Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP

Ríomhphost: eolas@coimisineir.org
Suíomh Gréasáin: www.coimisineir.org

Oifigeach Cosanta Sonraí

Má tá ceist ar bith agat faoin Fhógra Príobháideachais seo nó faoin dóigh a bpróiseálann muid do shonraí pearsanta, is féidir teagmháil a dhéanamh le:

Oifigeach Cosanta Sonraí

Oifig an Choimisinéara Gaeilge

Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

3. Cén Fáth a bPróiseálann Muid Faisnéis Phearsanta

Próiseálann muid faisnéis phearsanta chun:

- Feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Gaeilge a chomhlíonadh.
- Fiosrúcháin a fháil agus freagra a thabhairt orthu.
- Gearáin agus ábhair imní a fhiosrú.
- Comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a reáchtáil.
- Polasaithe agus treoir a fhorbairt.
- Seirbhísí poiblí a sholáthar.
- Caidreamh le páirtithe leasmhara a bhainistiú.
- Comórtais earcaíochta a riar.
- Fostaithe agus sealbhóirí oifige a bhainistiú.

- Socruithe le soláthraithe, conraitheoirí agus próisis soláthair a phróiseáil.
- Íocaíochtaí agus idirbhearta airgeadais a bhainistiú.
- Oiliúint, cruinnithe agus imeachtaí a eagrú.
- Oibleagáidí dlíthiúla agus rialála a chomhlíonadh.
- Cistí poiblí a chosaint agus calaois a chosc.
- Ár seirbhísí agus ár suíomh gréasáin a fheabhsú.

4. Bonn Dlíthiúil le Próiseáil

Faoi Airteagal 6 de RGCS na Ríochta Aontaithe (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**)**, próiseálann muid faisnéis phearsanta faoi cheann amháin nó níos mó de na boinn dhlíthiúla seo a leanas:

Tasc Poiblí

Tá an phróiseáil riachtanach chun tasc a chomhlíonadh a dhéantar ar mhaithe leis an leas poiblí nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don Choimisinéir Gaeilge faoin Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022.

Oibleagáid Dhlíthiúil

Tá an phróiseáil riachtanach le hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear oibleagáidí faoi reachtaíocht fostaíochta, comhionannais, airgeadais, iniúchóireachta agus rialachais.

Conradh

Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó chun céimeanna a ghlacadh sula ndéantar conradh.

Toiliú

Nuair is cuí, iarrfaidh muid do thoiliú sula bpróiseálfaidh muid d'fhaisnéis. Féadfaidh tú do thoiliú a tharraingt siar am ar bith.

5. An Fhaisnéis a Bhailíonn Muid

Féadfaidh muid na catagóirí seo a leanas d'fhaisnéis phearsanta a bhailiú agus a phróiseáil:

Faisnéis Phearsanta

- Ainm
- Teideal
- Dáta breithe
- Seoladh poist
- Seoladh ríomhphoist
- Uimhir theileafóin
- An teanga chumarsáide is rogha leat
- Taifid chomhfhreagrais agus roghanna cumarsáide

Faisnéis Fostaíochta

- Ainm an fhostóra
- Teideal poist
- Slí bheatha
- Stádas fostaíochta
- Cáilíochtaí gairmiúla
- Ballraíochtaí gairmiúla
- Stair ghairme
- Teistiméireachtaí
- Faisnéis a bhaineann le hiarratais earcaíochta
- Faisnéis ghrinnfhiosrúcháin agus incháilitheachta

- Taifid oiliúna agus forbartha

Faisnéis Airgeadais

- Sonraí cuntais bhainc
- Faisnéis íocaíochta
- Taifid sholáthraithe
- Taifid soláthair
- Faisnéis chánach
- Sonraí cláraithe CBL
- Dearbhuithe airgeadais
- Sonraisc agus taifid íocaíochta

Faisnéis maidir le Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

- Freagraí ar chomhairliúcháin
- Freagraí ar shuirbhéanna
- Aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara
- Aiseolas agus tuairimí
- Fianaise thacaíochta a chuirtear ar fáil mar chuid de phróisis chomhairliúcháin

Faisnéis maidir le Gearáin agus Imscrúduithe

- Faisnéis a bhaineann le gearáin
- Taifid imscrúdaithe
- Comhfhreagras
- Faisnéis faoi fhinnéithe
- Doiciméid agus fianaise thacaíochta

Faisnéis Suímh Ghréasáin

- Seoladh IP
- Faisnéis ghléis
- Cineál agus leagan an bhrabhsálaí
- Faisnéis faoi úsáid an tsuímh ghréasáin
- Fianáin agus sonraí anailísíochta

Sonraí Catagóire Speisialta

I gcúinsí teoranta, féadfaidh muid sonraí catagóire speisialta a phróiseáil nuair atá sé riachtanach agus dleathach, mar shampla:

- Faisnéis a bhaineann le míchumas nó riachtanais inrochtaineachta
- Faisnéis a chuirtear ar fáil go deonach mar chuid de ghearán, d'imscrúdú nó d'fhreagra ar chomhairliúchán

Nuair a phróiseálann muid sonraí pearsanta catagóire speisialta, beidh Oifig an Choimisinéara Gaeilge ag brath ar choinníoll amháin nó níos mó atá leagtha amach in Airteagal 9 de RGCS na Ríochta Aontaithe agus i Sceideal 1 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, lena n-áirítear leas substaintiúil poiblí, oibleagáidí fostaíochta, nó toiliú sainráite nuair is cuí.

6. Cá bhfaighimid do chuid Faisnéise

Féadfaidh muid faisnéis a fháil:

- Go díreach uaitse.
- Trí fhreagraí ar chomhairliúcháin agus trí chomhfhreagras.
- Trí iarratais fhostaíochta agus próisis earcaíochta.
- Ó údaráis phoiblí nuair atá sé ceadaithe de réir an dlí.
- Ó mholtóirí a ainmníonn tú.

- Ó sholáthraithe seirbhíse atá ag gníomhú ar ár son.
- Ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí.
- Trínár suíomh gréasáin agus trí sheirbhísí ar líne.

7. Mar a Úsáideann Muid Do chuid Faisnéise

Úsáideann muid faisnéis phearsanta chun:

- Feidhmeanna agus seirbhísí reachtúla a chur ar fáil.
- Comhairliúcháin agus rannpháirtíocht phoiblí a bhainistiú.
- Torthaí comhairliúcháin a fhoilsiú i bhfoirm anaithnidithe.
- Gearáin a fhiosrú.
- Cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara.
- Iarratais fhostaíochta a phróiseáil.
- Foireann agus sealbhóirí oifige a bhainistiú.
- Conarthaí agus soláthraithe a bhainistiú.
- Íocaíochtaí a phróiseáil.
- Taifid a choinneáil.
- Anailís staidrimh agus tuarascálacha a tháirgeadh.
- Ceanglais dhlíthiúla, rialála agus iniúchóireachta a chomhlíonadh.

8. Foilsiú Freagraí ar Chomhairliúcháin

Nuair a dhéantar comhairliúcháin:

- Féadfar tuarascálacha comhairliúcháin a fhoilsiú.
- Féadfar sleachta anaithnidithe ó fhreagraí a áireamh sna tuarascálacha.
- De ghnáth, ní fhoilseofar ainmneacha ná aitheantóirí pearsanta.
- Féadfar faisnéis a nochtadh nuair a éilítear é sin de réir dlí.

Má sholáthraíonn tú faisnéis a mheasann tú a bheith rúnda, ba chóir duit í a shainaithint go soiléir agus míniú a thabhairt ar an chúis a mbeadh a nochtadh míchuí.

Nuair a chuirtear freagraí ar chomhairliúcháin isteach thar ceann eagraíochtaí, féadfar ainm na heagraíochta a fhoilsiú mura n-iarrann an freagróir a mhalairt.

Cé go dtabharfaidh muid aird ar do chuid tuairimí, ní féidir linn rúndacht a ráthú i ngach cás.

9. An Dóigh a Roinnimid do chuid Faisnéise

Féadfaidh muid do chuid faisnéise a roinnt leis na daoine nó leis na heagraíochtaí seo a leanas:

- Ranna Rialtais.
- Údaráis phoiblí.
- Comhlachtaí rialála.
- Iniúchóirí seachtracha.
- Comhairleoirí dlí.
- Soláthraithe seirbhísí TF.
- Soláthraithe seirbhísí earcaíochta.
- Soláthraithe íocaíochta agus baincéireachta.
- Comhairleoirí gairmiúla.
- Gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.
- Cúirteanna agus binsí.
- Comhlachtaí eile nuair a éilítear nochtadh de réir dlí.

Ní roinnfidh muid faisnéis ach amháin nuair atá bunús dlíthiúil ann lena dhéanamh.

10. Aistrithe Idirnáisiúnta

Ní aistríonn Oifig an Choimisinéara Gaeilge faisnéis phearsanta lasmuigh den Ríocht Aontaithe mar ghnáthchleachtas.

Má bhíonn gá le haistrithe den sórt sin amach anseo, cuirfidh muid i bhfeidhm na cosaintí cuí a éilítear faoi RGCS na Ríochta Aontaithe (UK GDPR).

11. An Fad Ama a Choinníonn Muid Faisnéis

Coinneofar faisnéis phearsanta a phróiseálann Oifig an Choimisinéara Gaeilge inár gcórais bhainistíochta taifead agus coinneofar í i gcomhréir lenár Sceideal Coinneála agus Diúscartha. Tá cóip dár Sceideal Coinneála agus Diúscartha ar fáil ach í a iarraidh.

Féadfar taifid a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide nuair a éilítear é sin de réir dlí, de réir riachtanais iniúchóireachta nó mar gheall ar imeachtaí dlí atá fós ar siúl.

12. Slándáil Do chuid Faisnéise

Glacann muid slándáil do chuid faisnéise pearsanta go han-dáiríre agus úsáideann muid bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí, lena n-áirítear:

- Rialuithe rochtana.
- Córais stórála slána.
- Criptiú nuair is cuí.
- Oiliúint foirne.
- Nósanna imeachta rialachais faisnéise.
- Socruithe slána diúscartha.
- Athbhreithnithe agus monatóireacht rialta slándála.

13. Do Chearta

Faoi reachtaíocht chosanta sonraí na Ríochta Aontaithe, tá de cheart agat:

- Eolas a fháil faoin dóigh a n-úsáidtear do shonraí pearsanta.
- Rochtain ar do chuid faisnéise pearsanta a iarraidh.
- Faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán a cheartú a iarraidh.
- Scriosadh do chuid faisnéise a iarraidh i gcúinsí áirithe.
- Srian a chur le próiseáil i gcúinsí áirithe a iarraidh.
- Iniomparthacht sonraí a iarraidh nuair is infheidhme.
- Cur i gcoinne próiseála i gcúinsí áirithe.
- Dúshlán a thabhairt do chinntí atá bunaithe go hiomlán ar phróiseáil uathoibrithe.

Ba chóir iarratais a chur faoi bhráid an Oifigigh um Chosaint Sonraí ag baint úsáide as na sonraí teagmhála atá tugtha thuas. De ghnáth, tabharfaidh muid freagra ar iarratais a bhaineann le do chearta cosanta sonraí laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad, i gcomhréir le ceanglais RGCS na Ríochta Aontaithe (UK GDPR).

Faoi láthair, ní dhéanann Oifig an Choimisinéara Gaeilge cinnteoireacht uathoibrithe ná próifíliú a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla, nó éifeachtaí suntasacha comhchosúla, acu ar dhaoine aonair.

14. Saoráil Faisnéise

Mar údarás poiblí, féadfaidh faisnéis atá i seilbh Oifig an Choimisinéara Gaeilge a bheith faoi réir nochtaithe faoi:

- **An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2000**;
- **Rialacháin um Fhaisnéis Chomhshaoil 2004**.

Nuair a fhaighimid iarratais, déanfaidh muid measúnú ar cibé acu atá díolúintí infheidhme nó nach bhfuil, lena n-áirítear díolúintí a bhaineann le faisnéis phearsanta.

15. Fianáin

Féadfaidh ár suíomh gréasáin fianáin agus teicneolaíochtaí comhchosúla a úsáid chun:

- Feidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin a chinntiú;
- Eispéireas an úsáideora a fheabhsú;
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus ar fheidhmíocht an tsuímh; agus
- Tacú le slándáil an tsuímh ghréasáin.

Beidh tuilleadh eolais ar fáil inár **mBeartas Fianán**.

16. Gearáin

Má tá imní ort faoin dóigh a bhfuil do chuid faisnéise pearsanta á próiseáil, déan teagmháil leis an:

Oifigeach um Chosaint Sonraí
Oifig an Choimisinéara Gaeilge
Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

Mura mbíonn tú sásta fós, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Wycliffe House
Water Lane
Wilmslow

Cheshire
SK9 5AF

Guthán: 0303 123 1113
Ríomhphost: casework@ico.org.uk
Suíomh Gréasáin: https://ico.org.uk/global/contact-us/

17. Athruithe ar an Fhógra Príobháideachais Seo

Féadfaidh muid an Fógra Príobháideachais seo a nuashonrú ó am go ham chun athruithe i reachtaíocht, i dtreoir nó i gcleachtais eagraíochtúla a léiriú.

Beidh an leagan is déanaí ar fáil i gcónaí ó Oifig an Choimisinéara Gaeilge.